



**BÍODH TUISCINT AGAT AR NA MEÁIN  
STOP | SMAOINIGH | SEICEÁIL**

**MEDIA LITERACY IRELAND**  **EDMO Ireland**

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta



# CLÁR

1. RÉAMHRÁ .....	3
2. CUSPÓIR .....	4
3. CONAS AN ACMHAINN SEO A ÚSÁID .....	5
4. CREAT OIDEOLAÍOCHTA .....	7
5. CUSPÓIRÍ FOGHLAMA.....	9
6. TORTHAÍ FOGHLAMA .....	9
7. PRÍOMHSCILEANNA .....	10
8. LEAGAN AMACH .....	11
9. AITHEANTAIS .....	12



# 1. RÉAMHRÁ

Ó tháinig an t-idirlíon agus na teicneolaíochtaí digiteacha nua chun cinn, tá deis nach bhfacthas riamh roimhe chomh maith le dúshlán deacair tugtha ag uileláithreacht an eolais. Tá muid in ann teacht, go héasca, ar stórtha ollmhóra eolais, ag líonadh bearnaí tuisceana agus ag cothú cumarsáid domhanda nach raibh ann riamh cheana. Mar sin féin, tá sraith fadhbanna mar thoradh ar líon ollmhór an ábhair dhigitigh, mar aon leis an éascaíocht a bhaineann le scaipeadh chomh maith le múnla gnó a bhaineann níos mó le cainníocht seachas cáilíocht, amhail ionramháil eolais. Fágann an fhadhb seo go bhfuil sé ag éirí níos deacra fíor-ábhar iontaofa a aithint ó ábhar bréige nó míthreorach, agus cuireann sé bagairt ní hamháin ar thuiscint agus ar fholláine an duine aonair, ach ar bhunchloch na saoránachta eolasaí freisin.

**Tá saoránacht ghníomhach agus fhreagrach** bunaithe ar an gcumas fáil a fháil ar eolas ar ardchaighdeán, plé a dhéanamh ar ábhair a dhéanann inní don phobal, agus cinntí eolasacha a dhéanamh. In aois inar féidir le heolas ionramháilte tionchar a imirt ar thuairim an phobail, cur isteach ar phróisis dhaonlathacha, agus deighiltí sóisialta a chur chun cinn, tá sé thar a bheith tábhachtach a chinntiú go dtuigeann daoine na próisis chumarsáide reatha agus go bhfuil luach acu ar shláine an eolais.



Agus an domhan mór digiteach á stiúradh againn, tá tiomantas do litearthacht sna meáin digiteach agus do smaointeoireacht chriticiúil ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfanann bunús na saoránachta in áit.

Mar iarracht chomhoibríoch, tá comhpháirtíocht idir **Litearthacht na Meán, Éire** agus **EDMO Ireland** atá dírithe ar chosaintí na sochaí a neartú i gcoinne na géarchéime um neamhord eolais atá ag dul i méid. Agus an géarghá atá le saoránacht eolasach san ré dhigiteach á aithint, féachann an chomhaontas seo le leas a bhaint as saineolas agus as raon feidhme an dá eagraíocht chun oiliúint litearthachta sna meáin a bhfuil tionchar aici a chur ar fáil.

## 2. CUSPÓIR

Éilíonn nascleanúint an spáis dhigitigh ní hamháin feasacht aonair ach freisin comhiarracht oideachais. Agus é seo á aithint, cruthaíodh **Ceardlann i mBosca** chun na hacmhainní a theastaíonn ó **mhúinteoirí, leabharlannaithe, ceannairí pobail** agus **éascaitheoirí foghlama** eile a chur ar fáil dóibh chun ceardlann litearthachta sna meáin a sheachadadh. Is é aidhm na ceardlainne ná dea-chleachtais maidir le dul i ngleic le hinneachar meán digiteach a phlé le rannpháirtithe, agus feasacht a ardú



faoin bhfadhb a bhaineann le bréageolais agus a thionchar sin ar an tsochaí.

Trí choincheapa agus cleachtais litearthachta sna meáin a chur chun cinn trí **éifeacht molta**, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go bhfuil daoine aonair, pobail agus institiúidí in ann dul i ngleic le tírdhreach casta na meán digiteach, ag déanamh cinntí eolasacha agus ag tacú leis an bhfírinne in ainneoin na caimiléireachta agus na hionramhála.

## 3. CONAS AN ACMHAINN SEO A ÚSAID

Tá sleamhnáin, teoracha, nótaí, agus bileog eolais mar chuid den **Cheardlann i mBosca** chun cabhrú le héascaitheoirí foghlama eispéireas foghlama éifeachtach a sholáthar do rannpháirtithe d'aoiseanna agus de chúlraí éagsúla faoi conas déileáil le heolas san ré dhigiteach. Tugann sé teoiric, gníomhaíochtaí praiticiúla, agus uirlisí foghlama leanúnaí le chéile. Anseo thíos gheobhaidh tú briseadh síos ar mar is ceart gach cuid den **Cheardlann i mBosca** a úsáid.



**Creat Oideolaíochta, Cuspóirí Foghlama agus Torthaí Foghlama:** Is treochlár é seo don aistear oiliúna ar fad. Leagtha amach sa gcreat seo tá fealsúnacht an oideachais, an cur chuige oideolaíoch, agus an bunús atá taobh thiar den eispéireas foghlama. Ba chóir d'éascaitheoirí tosú anseo chun eolas a chur ar chuspóirí agus ar bhunphrionsabail na hoiliúna, agus tuiscint a fháil ar ní hamháin an 'conas' ach an 'cén fáth' a bhaineann leis an ábhair agus na gníomhaíochtaí freisin.

**Sleamhnáin:** Tá fáil orthu seo i gcomhad PowerPoint ar leith agus iad mar an phríomh áis amhairc don seisiún oiliúna. Curtha le chéile le bheith idirghníomhach agus tarraingteach, tugann na sleamhnáin achoimre ar eolas tábhachtach, leagann siad béim ar phointí riachtanacha, agus éascaíonn siad na gníomhaíochtaí praiticiúla, go háirithe idirphlé grúpa. Ba cheart d'éascaitheoirí tagairt rialta a dhéanamh dóibh le linn na ceardlainne le haghaidh sruth struchtúrtha ábhair.

**Struchtúr agus Cur Síos:** Tá briseadh síos mionsonraithe ar na céimeanna foghlama agus gníomhaíochtaí uile na ceardlainne ar fáil sa chuid seo. Tá ábhar, teoracha, acmhainní agus fad gach gníomhaíochta sonraithe go soiléir. Ba cheart d'éascaitheoirí é a úsáid mar threoir chun an t-ábhar a chur i láthair agus chun gníomhaíochtaí grúpa a éascú.



**Bileog eolais:** Ba chóir an bhileog eolais a phriontáil agus a thabhairt do gach rannpháirtí roimh ghníomhaíocht dheireanach na ceardlainne. Ba cheart leagan digiteach den bhileog a roinnt leis na rannpháirtithe i gcás ceardlainne ar líne.

**Acmhainní d'Éascaitheoirí:** Tá cur síos, ábhair agus tagairtí breise ar fáil d'éascaitheoirí maidir leis na hábhair a pléadh sa cheardlann sa chuid seo.

## 4. CREAT OIDEOLAÍOCHTA

Bunaíodh an cheardlann ar chreat oideolaíoch a cheanglaíonn oideolaíocht chriticiúil, litearthacht chriticiúil sna meáin, agus tógachais shóisialta. I gcás éascaitheoirí de, ciallaíonn sé seo gur chóir duit féachaint le taithí foghlama a chruthú a leanann roinnt prionsabal agus cleachtas tábhachtach, mar shampla:

- **Taithí Foghlama Roinnte:** tá comhrá ríthábhachtach i rith an taithí foghlama, ní hamháin mar slí chun eolas a mhalartú, ach ar mhaithe le tuiscint agus eolas comhoibríoch.



- **Meas agus Aitheantas dá chéile:** ba cheart luach a chur ar ghlór, ar thaithí agus ar pheirspictíocht gach rannpháirtí agus iad a mheas chun timpeallacht foghlama níos cuimsithí a chruthú.
- **Obair Chomhoibríoch:** ba chóir rannpháirtithe a spreagadh chun oibriú le chéile chun a dtascanna a chur i gcrích. Ní hamháin go n-éascaíonn an cleachtas seo roinnt eolais agus dearcthaí éagsúla, ach feabhsaíonn sé freisin smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna a bhaineann le réiteach fadhbanna de réir mar a théann rannpháirtithe i mbun plé le piaraí.
- **Forbairt Smaointeoireacht Chriticiúil:** ba chóir rannpháirtithe a spreagadh chun an t-ábhar a cheistiú, chomh maith le anailís agus machnamh a dhéanamh air, as seo a thiocfaidh tuiscint níos doimhne agus feasacht chriticiúil.
- **Praitic:** bíonn machnamh agus gníomh i gceist le praitic. Ba cheart do rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim siad le linn na ceardlainne agus straitéisí a thógáil chun gníomhartha éifeachtacha agus claochlaitheacha a dhéanamh.





## 5. CUSPÓIRÍ FOGHLAMA

Foghlaimoidh rannpháirtithe faoi na dúshláin iomadúla a thagann le ré an eolais, go háirithe maidir le hanailís, measúnú agus úsáid inneachar meáin.

Oibreoidh siad i ngrúpaí chun castacht thimpeallacht na meán digiteach a phlé go criticiúil, ag scrúdú gnéithe, neamhréiteacht agus miondífriochtaí a bhaineann léi. Tógfaidh rannpháirtithe straitéisí, le cúnamh ón éascaitheoir foghlama, chun déileáil le cineálacha éagsúla eolais agus chun dul i ngleic le fadhb an bréageolas.

## 6. TORTHAÍ FOGHLAMA

Ar chríochnú na ceardlainne seo, táthar ag súil go mbeidh rannpháirtithe in ann:

- **Measúnú criticiúil** a dhéanamh ar na dúshláin iomadúla a thagann le teicneolaíochtaí na meán digiteach maidir leis an gcaoi a ndéanaimid inneachar meán digiteach a úsáid agus a tháirgeadh;



- **Tuiscint** conas a chruthaítear teachtaireachtaí meán digiteach;
- **Machnamh** a dhéanamh ar na difríochtaí idir freagrachtaí aonair agus freagrachtaí comhchoiteanna sa domhan digiteach;
- Na cúiseanna agus na hiarmhairtí a bhaineann le bréageolas agus cineálacha eile ionramháil eolas **a tuiscint**;
- **Anailísiú** agus measúnú criticiúil a dhéanamh ar inneachar meáin agus dea-chleachtais a chur i bhfeidhm maidir le eolas a chuardach agus a úsáid;
- **Stráitéis a fhorbairt** chun measúna a dhéanamh ar ábhair éagsúla agus chun nósanna folláine ó thaobh eolais de a chothú.

## 7. PRÍOMHSCILEANNA

Is iad na príomhscileanna a fhorbróidh rannpháirtithe ná:

- **CUMARSÁID:** glacfaidh na rannpháirtithe páirt i bplé agus cuirfidh siad a gcuid smaointe i láthair don chuid eile den ghrúpa.
- **AG OBAIR LE DAOINE EILE:** oibreoidh na rannpháirtithe i ngrúpaí ag plé smaointe, ag roinnt freagrachtaí, ag éisteacht lena chéile, agus ag comhoibriú lena dtascanna a chur i gcrích.



- **EOLAS A BHAINISTIÚ AGUS SMAOINTEOIREACHT:** déanfaidh na rannpháirtithe eolas a eagrú agus a mheas, agus úsáidfídh siad teicneolaíocht dhigiteach chun a n-anailís a fháil, a bhainistiú agus a chur i láthair.

## 8. LEAGAN AMACH

Ceapadh an cheardlann le haghaidh seisiún aghaidh ar aghaidh 2 uair agus 15 nóiméad, ach féadfaidh éascaitheoirí é a chur in oiriúint do sheisiún ar líne de réir a gcuid riachtanas agus acmhainní féin.



## 9. AITHEANTAIS

Is togra de chuid Liteartacht sna Meáin, Éire, é **BÍODH TUISCINT AGAT AR NA MEÁIN**

Tá an clár traenála seo cruthaithe ag Dr. Ricardo Castellini da Silva ar shon EDMO Ireland.

Leagan Ghaeilge curtha ar fáil ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG) le tacaíocht ó TG4.

LITEARTHACHT SNA MEÁIN, ÉIRE  
medialiteracyireland.ie  
[info@medialiteracyireland.ie](mailto:info@medialiteracyireland.ie)

EDMO IRELAND  
edmohub.ie  
[info@cnam.ie](mailto:info@cnam.ie)

COGG  
cogg.ie  
[eolas@cogg.ie](mailto:eolas@cogg.ie)



An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

